

An Scéim:
An Gúm 1926-2016

Cnuasach Aistí

Máirtín Coilféir
a chuir in eagar

 AN GÚM
Baile Átha Cliath

© Foras na Gaeilge agus na húdair, 2020

Dearadh agus leagan amach: Máirtín Coilféir
Clúdach: Muiris Ó Raghallaigh

Spectrum a chlóbhuail in Éirinn

ISBN 978-1-85791-965-3

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thairfeadh nó eile gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Gabhaimid buíochas le Comhlacht Ionadaíoch na hEaglaise, Eaglais na hÉireann agus le David Lawrence as cead a thabhairt an íomhá den fhuinneog dhaite le Austin Molloy ar leathanach 99 a úsáid.

Foilseacháin an Ghúim a cheannach

Siopaí

An Siopa Leabhar (01) 478 3814

An Siopa Gaeilge (074) 973 0500

An Ceathrú Póilí (028) 90 322 811

Ar líne

www.litriocht.com

www.siopagaeilge.ie

www.siopaleabhar.com

www.siopa.ie

www.cic.ie

www.iesltd.ie

An Gúm, Foras na Gaeilge, 63-66 Sráid Amiens, Baile Átha Cliath 1.

Seoda an Ghúim

Alan Titley

Ba é an file Faisisteach Ezra Pound a mhaígh nár ghá tosú le stair an Brotha dá mb'áil leat stair an ghluaisteáin a ríomh. Tuigim dó: ní hé go bhfuil puinn eolais agam ar stair an rotha ná ar stair an ghluaisteáin ach an oiread. Ach tuigim nach gá dul siar go tús tosaigh chun aon ní a rá mar gheall ar rud ar bith. Ina choinne sin thall, caithfear dálaí an Ghúim a leagan i gcomhthéacs éigin, nach comhthéacs an dara leath den fhichiú haois, ná tús na haoise seo, é.

Tá figiúr amháin a luaim, agus luaim chomh minic sin é nach mór go bhfuilim bréan bailithe agus tinn tuirseach, agus go fiú dubh dóite faoi um an dtaca seo. Figiúr é a bhaineann le litearthacht sa Ghaeilge nuair a tosaíodh ar an Athbheochan, an ghluaiseacht ghinearálta sin ar son an Ghaeilge a theasargan, a chur ar lámh shábhála agus a chraobhú.

D'áirigh Whitley Stokes go raibh isteach is amach le 20,000 éigin duine a raibh léamh na Gaeilge acu ag tús an naoú haois déag. An méid sin as pobal dhá mhiliún nó dhá mhiliún go leith de chainteoirí Gaeilge. Luaigh Tadhg Ó Donnchadha, nó Torna, a bhí ina Ollamh le Nua-Ghaeilge in UCC, gur shíl sé gur ar éigean má bhí leathchéad duine a raibh léamh na Gaeilge acu sa chló, nó san aibítir Ghaelach, nuair a bunaíodh Conradh na Gaeilge (in O'Leary 1994: 1, 11). Tuairimí ba ea iad seo, gan amhras, agus gan aon fhianaise dhaingean acu dóibh, ach níor ghá go raibh siad ar iomrall ar fad.

Tá fianaise níos daingne againn ó na daonáirimh oifigiúla, bíodh is gur féidir linn amhras áirithe a chaitheamh ar chuid acu sin maidir le cruinneas bailí ar fad de. Mar sin féin, is méar ar eolas iad níos fearr ná mar a bhí againn roimhe sin. De réir dhaonáireamh 1871, i gContae Dhún na nGall ar fad, bhí suas is anuas le 70,000 de chainteoirí Gaeilge. As an 70,000 sin, ní raibh léamh agus scríobh na Gaeilge ach ag 1,000 amháin díobh. Is scanrúil scéiniúil an figiúr é sin.

Nuair a thaistil Wilhelm Doegen an tír ag bailiú samplaí den Ghaeilge dhúchais sa bhliain 1931, bhailigh sé Gaeilge i gcontaetha uile Chúige Uladh, seachas sa Dún agus i bhFear Manach, agus is féidir Co. Lú a áireamh, leis, ar na háiteanna ina bhfuair sé mórán samplaí den Ghaeilge sin. Sa leabhar *Ulster Gaelic Voices* a chuir Róise Ní Bhaoill in eagar, tá cuntas comair ar na cainteoirí ónar bhailigh sé scéalta agus seanchas agus eile (2010: 36-45). Cúig dhuine dhéag agus trí scór díobh, nó 75 más maith leat, agus gan léamh na Gaeilge ach ag cúigear nó seisear díobh seo ar fad a rugadh roimh bhunú an tSaorstáit; agus ráiníonn gur sagairt nó múinteoirí scoile ba ea iad siúd. Is é sin le rá, dá mba chainteoir dúchais Gaeilge thú a tháinig in inmhe sular tháinig ann do Shaorstát Éireann, is lándeimhneach gur ródhócha go mbeifeá neamhliteartha i do theanga mháthartha féin. Ní féidir treise rómhór a chur leis seo.

Is ceart gaisce an Ghúim a bhualadh síos i gceartlár an fhásaigh eolais seo, nó an fásach aineolais, ba chruinne a rá.

Bamheasa fós ná sin é. Nuair a deineadh an chéad scrúdú ardteistiméireachta sa bhliain 1926, an dearbh-bhliain chéanna inar saolaíodh an Gúm, níor dhein ach breis bheag agus 400 buachaill an scrúdú, fara breis bheag agus 200 cailín: lena chur go slán, rud éigin idir 600 agus 700 ar fad a chríochnaigh a gcuid oideachais dara leibhéal, céatadán beag suarach nach mór dofheicthe den chohórt aoise sin. Ní bréag a rá gurb as an gcomhlacht seo nó a amhlachas a thagann formhór na léitheoirí, is é sin, daoine a bhfuil oideachas éigin orthu. Agus má chuirimid san áireamh astu seo ar fad gur duine as leathchéad, b'fhéidir, a cheannódh leabhar litríochta go deo arís – chonaic mé féin daoine ag caitheamh a gcuid leabhar isteach sa Laoi le háthas tar éis na hardteiste – cad as a dtiocfadh na mílte léitheoir a rabhtas ag coinne leo?

Is chuige sin a cheapaim, pé rud eile a déarfá faoi ghnéithe éagsúla de pholasaí Gaeilge an stáit, gur cuma nó míorúilt ar baineadh amach maidir le léamh na teanga de ó fáisceadh neamhspleáchas amach don chuid seo den tír. Is fairsinge agus is leithne go mór litríocht na Gaeilge ó, abramis, 1890 go dtí an lá inniu, ná litríocht na Gaeilge go léir, arna cur le chéile, sraith ar shraith, ó thús go deireadh, seilf ar sheilf nó ina lámhscríbhinní rollta i gcaitheamh na n-aoiseanna eile ar fad go léir léireach. Ar an gcuma chéanna, ba líonmhaire go mór pobal léitheoireachta na Gaeilge san fhichiú haois ná pobal léitheoireachta gach aoise eile – arís, arna gcur le chéile – le míle go leith bliain anuas. Ní beag sin de ghaisce agus de mhíorúilt.

Dá réir sin, bhí dúshlán faoi leith roimh an nGúm – dúshlán easpa litearthachta ar leith amháin, agus dúshlán léitheoirí nua nach raibh ann riamh roimhe sin ach a bhí ag teacht go tiubh anois, ar an leith eile.

Is fadhb í seo a bhíonn le réiteach ag gach meán Gaeilge. Ní foláir gach trá a fhreastal. Bíonn ar an nuachtán Gaeilge, sa chás is go mbeadh ceann againn, gach duine a shásamh. Sa Bhéarla má tá craiceann uait, tá an *Sun*, má tá scannal uait tá an *Star*, má tá bréaga uait tá an *Independent* ann. B'éigean don Ghúm gach ábhar a fhoilsiú, gach cás a chur os ard, gach bearna a líonadh.

Dhein siad sin.

Ar mo sheilfeanna féin, mar sin, tá na céadta leabhar de chuid an Ghúim de gach saghas. Níl ord ná eagar orthu mar is dual, ach is mar sin atá an saol, agus mé féin. Ní dual don intinn nithe a chur i mboscaí ar deighilt óna chéile, nó ní dual don intinn seo é, ar aon nós, fág go bhfuil boscaí go leor eile lán de leabhair ar na hurláir.

Déanann gach aon duine a leabharlann féin agus, sa leabharlann sin, bíonn leabhair a léitear aon uair amháin, leabhair thagartha a phiocann tú anuas nuair is gá agus nach bhfuil an t-eolas iontu ar Ghoogla, agus leabhair eile go díreach a thaitníonn leat, a chuaigh i bhfeidhm ort tráth dá raibh, agus a léann tú sleachta astu anois is arís, nó go minic, ar son spreagadh, ar son iontais, ar son stíle, go deimhin, ar son mearbhaill féin.

Is é atá anseo a leanas, gearrchuntas ar chuid éigin de na leabhair sin a bhainim anuas ó am go chéile chun gliondar nó chun iontas nó, go deimhin, chun an mearbhall sin a chur orm.

Mar is eol dúinn bhí sé ina chath na bpunann i mblianta tosaigh na hAthbheochana timpeall ar chaint na ndaoine suas is anuas le caighdeán clasaiceach éigin a samhlaíodh a bheith ann, bíodh is go raibh oiread sin neamhréireachtaí sa litríocht chlasaiceach is a shásódh aon duine ar mhian leis go mbeadh níos mó ná trí chaighdeán éagsúla ann san aon uair amháin. Agus laistigh d'aighneas sin chaint na ndaoine, bhí cogadh breise níos fíochmhaire fós go minic: cogadh na gcanúintí. Ní de bhranar na haiste seo dul siar air sin arís, ná beachtaíocht a dhéanamh ar an duine a dúirt go raibh caint na ndaoine á scríobh 'as if it were an African jabber which people were endeavouring to write down from the mouths of the natives', abairt a bhfuil cuimhne mhaith agam uirthi ó chéadchuaigh mé i sás an phlé seo (luaite in Greene 1972: 15). Pé rud mar gheall ar na canúintí agus lucht dílis a bpáirte, ba mhasla an méid sin do theangacha na hAfraice ar fada ó 'jabber' iad. Níor tháinig lucht na Gaeilge féin slán ar fad ó anáil bhréan impireacht na Breataine agus an ciníochas gránna a leathnaigh sí.

Dá fheabhas is a bhí caint na ndaoine, áfach, is beag ar fad ár gcuid eolais chruinn maidir le cén saghas Gaeilge a bhíodh á labhairt ag gnáthdhaoine ar feadh fhormhór an ochtú nó an naoú haois déag roimh bhorradh na hAthbheochana féin. Is fíor go bhfuil raidhse filíochta againn agus scéalta béaloidis faoi réir ag stíl áirithe reacaireachta, ach ní hionann iad agus samplaí dílse den chaint laethúil.

Tá na dírbheathaisnéisí iomadúla againn ina dhiaidh sin, gan amhras, ach bhí patrún réasúnta nósmar ag an gcuid is mó acu. Ba dhóigh leat go raibh treoir á glacadh acu óna chéile, go raibh ceann amháin mar eiseamláir ag ceann eile, ach ní gá talamh slán a dhéanamh gurbh ionann an chaint iontu agus an comhrá a dhéanadh daoine nuair a chastaí ar a chéile iad sa tsráid, nó ar an gcnoc, nó ar an sliabh, nó sa ghort sna leabhair sin.

Tá léargas de shaghas eile faighte againn in *Allagar na hInise*, a d'fhoilsigh an Gúm sa bhliain 1928, ceann de na chéad leabhair tháscacha a chuir siad

amach. Deir an Seabhac, an chaint atá ann, ‘tá sí curtha síos ag Tomás gan gaoth ón iasacht ná ceapadóireacht uaidh féin’ (Ó Criomhthain 1928: v). Bhí caspa na gaoithe sin ón iasacht thar a bheith tábhachtach, ní foláir. Dúirt Pádraig Ua Maoileoin gur cuma nó dánta próis an chuid is fearr díobh, agus an ceart aige (1989: 208).

Leabhar níos iontaí agus níos sainiúla fós is ea *Cainnt an tSean-Shaoghail* a bhailigh Arland Ussher ó chaint Thomáis Uí Mhuirthe sna Déise agus a d’fhoilsigh an Gúm sa bhliain 1942. Bhíodh amhras riamh orm timpeall ar dhrámaí John Millington Synge maidir leis an léiriú a thug siad ar dhaoine mar bhrealsúin, mar ghamail, mar amadáin, in ainneoin na scéalaíochta agus an ghrinn. Níor dheimhin liom a raibh de chumadóireacht phearsanta iontu suas is anuas lena raibh pioctha suas aige ar a shiúlta dó. Ach nuair a léim *Cainnt an tSean-Shaoghail* cloisim guth nach n-aithním beag ná mór, guth atá ar deighilt go hiomlán ón gcineál comhrá, nó allagair, a chleachtann daoine ar an taobh seo den litearthacht:

– Well, níor theangmhaigh tú le haon bhean tí ná leis an spré sin fós?

– Níor theangmhaigh mé, mhuisse.

– Well, amasa, shiúlfainn Éire is chasfainn arís is ní fheiceoinn aon leidín fir mar tusa! Tá tú ag lorg mná lem chuimhne is ní bhfuair tú fós í, ar mh’anam go mbíonn an caipín ar thaobh do cheannsa go brothallach! Tá aithne ge clocha an bhóthair ort anois ag imeacht ar muin do sheanchapail bháin gach lá, mar a bhíodh an Pacaire ag imeacht leis an asal is máilín anuas ar a ghualainn aige is máilín anuas ar a cireaball!

– Ó tá do bhean is do chlann agatsa is airgead buí id phóca is an magadh ag beiriú amach trí do shúile, is tá mise ag imeacht is ag casadh gach aon lá gan oiread im phóca is a bhaistfeadh beach, ach díreoidh mé liom an bóthar is fanfaidh mé le bun na téide (Ó Muirthe 1942: 157; leasú áirithe déanta ar an litriú agam).

An labhraíodh daoine mar seo, lándáiríre? Is deacair dúinn géilleadh dó ach amháin nach raibh cáil na ceapadóireachta ar Arland Ussher, agus ba dhíchealláí go mór an t-ábhar seo a chumadh ná aithris a dhéanamh air. Is amhlaidh, a deirtear linn, gur bhailigh sé na seoda seo agus é ag siúl suas síos le hais Thomáis a bhí ag treabhadh leis. É seo de cheal gléas taifeadta de shaghas ar bith aige, ionas nárbh fholáir gur bhreac sé síos ar airigh sé.

Lena chois sin chuir sé leabhar eile amach, *Cúrsaí an tSean-Shaoghail* (1948), arbh é a amhlachas céanna é maidir le seoda cainte de, ach nach dócha go mbainfí mórán comhairle as ag na National Ploughing Championships.

Dúirt Torna sa réamhrá go raibh gaois an tsaol sa leabhar seo. Go raibh cumadóireacht agus meafair agus neamhspleáchas intinne ann a bhí annamh le fáil i saol na hÉireann. Is dóigh liom féin gurb í an oscailt a thugann sé dúinn ar chineál eile meoin, meon atá deoranta ar fad lena bhfuil cleachtadh againne air, an bua is mó atá aige. Ach fairis sin, go bhfuilimid ar feadh sealad éigin inár gcónaí i measc daoine a bhfuil cónaí orthu ina ndomhan féin go slánchruinn, domhan ina bhfuil cúraimí a mbeatha chomh práinneach le haon rud againn féin ach gur friotal eile ar fad atá curtha acu air. Is é an friotal sin míorúilt an leabhair, mar ní hionann é agus ‘caint na ndaoine’ atá le fáil in áit ar bith eile, rud a thabharfadh nod dúinn go bhfuil cultúr na cainte níos diamhaire ná mar is féidir a shamhlú.

Dhein Seoirse Mac Tomáis iarracht ar an intinn neamhspleách sin a chothú ar an mBlascaod Mór. Sasanach, agus scoláire clasaiceach ba ea Seoirse Mac Tomáis, nó George Thomson, a d’fhoghlaim an Ghaeilge go cruinn is go beacht is go fileata ar an mBlascaod. Chaith sé tamall ag múineadh Gréigise trí Ghaeilge i nGaillimh, agus go deimhin bhí sé ina Ollamh le Gréigis ansin ar ball. Criticeoir Marxach litríochta ba ea é agus ba mhinic a mhaigh sé gurb é pobal an Bhlascaoid a thug ‘Eochair don gCeist Hóiméarach’ dó (Mac Conghail 2009: 185-93).

Is é a bhí i gceist aige, fara fadhbanna eile, conas a ráineodh go raibh oiread san gaoise in aon phobal beag amháin neamhliteartha agus gan acu ach caint? Ba é a dhála céanna ag na Gréagaigh é: an urlabhra an t-aon uirlis amháin a bhí acu, ach ar a laghad bhí siad ag caint le chéile. Is san allagar le chéile, i gcaint an phobail, a bhí an ghaois, an gnáthdhuine ag iarraidh an saol a bhí aige a chiallú beag beann ar léann is ar fhoghlaim is ar leabhair.

Is chuige sin a d’aistrigh sé go Gaeilge na mBlascaod cuid de dhialóga Phlatóin. Bhí brath aige go léifí iad, nó go n-aithriseofaí os ard iad. Is dícheall dúinne inniu muintir, abair Buiríos Léith nó An Pasáiste Thiar, nó líon isteach an baile duit féin, a shamhlú ag plé ceisteanna saorthola nó

coinsiasa cheangailte; agus bhí de mhíbhuntáiste thar a bheith mór aige nárbh ionann aimsir ghréine dheas na Gréige agus gach síon dár tháinig ag gabháil steallaidh ar an mBlascaod Mór. Is í an aimsir, thar aon rud eile, a chuireann poll ina théis dheas mhór, gurbh é an Blascaod Mór sean-Aithin na Gréige ina chrutaon ar ais. Tá daoine ann a deir gurbh é Corcaigh ‘the Venice of the North’, ach ní heol dom gur mhaígh aon duine riamh san Iodáil gurbh í an Veinéis ‘the Cork of the South’.

Mar sin féin, ní furasta a shamhlú go dtuigfí bunús na n-argóintí a chuir sé os ard do mhuintir an oileáin, dá léifí i gceart é. Seo sliocht ina bhfuil Socraitéis á chosaint féin roimh a bhás agus é ag rá nach stríocfaidh sé ón bplé poiblí ná ón teagasc atá ar bun aige:

Óir bíonn sé de chúram orm i gcónaí a bheith ag tathant ar óg agus ar shean gan aire a thabhairt dá gcorp nó dá gcuid airgid níos dlúithe nó níos déine ná dá d-anam, ionas go mbeidh sin mar is fearr a fhéadfaidh a bheith acu, agus a bheith dá chur abhaile oraibh nach ón airgead a thagann an tsuáilce ach ón suáilce an t-airgead agus gach maitheas eile dá bhfuil ag duine nó ag dúthaigh ar an saol seo. Más á rá san a loitim an t-aos óg, is loiteach a leithéid: ach má deireann éinne go mbíonn a mhalairt á rá agam, is bréag dó san. Bíodh bhur rogha féin agaibh, a fheara na h-Aithne, creidigí Anitus nó ná creidigí, saoraigí mé nó daoraigí mé, ach bíodh a fhios agaibh ná héireod as an obair seo atá á dhéanamh agam agus ná héireoinn dá mbeadh deich mbás i ndán dom (Platón/Mac Tomáis 1929: 37; leasú áirithe déanta ar an litriú agam).

Is dócha gur cruthú an méid sin féin gurbh fhéidir an uile ní a rá sa Ghaeilge, rud a bhí ar eolas ag gach cainteoir Gaeilge riamh anall, ó thús tosaigh, ach ní fheadar aon duine cad a cheapfadh muintir an Bhlascaoid dá leithéid de theagasc. Seans maith go gceapfaidís gurbh é an sagart a bhí ag caint leo.

Ina dhiaidh seo is uile, ba ghá cumas na teanga a chruthú. Thairis aon duine eile, ba é an Moinsíneoir Pádraig de Brún a dhein an ceangal idir an cultúr clasaiceach, cultúr na Gréige go ró-áirithe, agus cultúr na hÉireann. Ní dóigh liom gur áitigh sé in áit ar bith gurbh ionann Corca Dhuibhne, ná an Blascaod Mór, agus Aithin na Gréige – ach shuigh sé, mar is eol

dúinn, gur chóir an nualitríocht fás go nádúrtha comhghnách as litríocht na hEorpa siar amach.

Caithfidh mé a rá nár thuig mé riamh, nó nár ghéill mé riamh, d'áitiú ceachtar de lán na beirte acu, Pádraig de Brún agus Domhnall Ó Corcora, sa díospóireacht ghéar a bhí acu ar leathanaigh *Humanitas*, gur chóir an nualitríocht Ghaeilge a bhunú ar sheanlitríocht na Gaeilge nó, mar mhalairt, ar nualitríocht agus ar sheanlitríocht na hEorpa (féach Prút 2005). B'argóint í idir beirt chriticeoirí, agus is lú beann an scríbhneora ar thuarimí teoiriciúla agus é i mbun pinn ná Domhnall Iain an Trumpa ar an bhfirinne. Bladar amú ba ea go leor den chonspóid eatarthu.

Mar sin féin, shaibhrigh de Brún litríocht na Gaeilge ar shlí nár dhein Ó Corcora. Ní cás liom anseo na haistriúcháin mhíorúilteacha a dhein sé ar *An Odaisé* agus ar *An Choiméide Dhiaga* – ní raibh baint ar bith ag an nGúm lena bhfoilsíú sin. Ach tá a fhios againn gur comhoibriú éiritheach idir é féin agus muintir Chorca Dhuibhne ba ea iad. Is amhlaidh go gcaitheadh sé an lá ag obair ar na haistriúcháin, go ngladh sé isteach ansin a pháirtithe féin ón gceantar – fir ar fad, mar a tharla – agus go bpléadh siad nathanna agus dulanna cainte, a ndúchas, a gcleachtadh, a nádúrthacht, óir bhí de Brún tiomanta air gurb iad cainteoirí Gaeilge, idir oilte agus neamhoilte, a bheadh mar lucht léite agus mar lucht éisteachta a chuid saothair. Nach aoibhinn an smaoineamh é go raibh Racine agus Hóiméar agus Dante ag scoilteadh focal leis an gCeithearnach Caolriabhach agus leis an nGobán Saor agus le Fianna Éireann ar leac na cistine sin?

Nuair a fuair duine de na comhpháirtithe sin bás, Peats Mhicil O'Connor, scríobh sé marbhna air, agus is leor an t-aon véarsa amháin seo as mar léiriú na comaoine a chuir sé air:

Léinn duit ó am go ham na haistrithe a rinneas
 Ó dhrámaí stáitse an chlu ón bhFrainc is ón tSeana-Ghréig
 Thaithníodh a gcúrsaí leat, is chuirfeá feabhas is cruinneas
 Ar mo lag-iarrachtaí le briathra an bhreithimh réidh (in Ó Cuív 1997: 153-54).

‘Briathra an bhreithimh réidh’ a bhíodh á stiúradh, agus cé nach bhfuil aon deimhne againn gurbh é a amhlachas céanna a chleachtadh sé ina chuid saothair phróis don Ghúm, is é is dóichí ar fad gur lena chluas ag éisteacht a dhealbhaigh sé gach uile ní.

Is saothar álainn greanta é *Beathaí Phlútairc* a foilsíodh sa bhliain 1936, agus ina bhfuil beathaí Alasdair, Caesar, Pericles, Antoine, agus an Chariolánaigh. (Maidir leis an gCariolánach is fiú a lua gur aistrigh Liam Ó Briain dráma úd Shakespeare, *Coriolanus*, i bhfoirm próis amháin (1945). Chuala mé Proinsias Mac Aonghusa ag rá uair amháin gurbh é a bhí scríofa ann, ‘*Coriolanus* le Liam Ó Briain’, agus i litreacha beaga, ‘Shakespeare a scríobh an saothar bunaidh!’ Faraor, níorbh fhíor é nuair a chuaigh mé á dhearbhu, ach ba scéal maith é fad a mhair.)

Is mó is éacht, áfach, na trí imleabhar de *Stair na Gréige*, aistriúchán ar *A History of Greece* le J.B. Bury a rinne Pádraig de Brún. Bhí Bury ina Ollamh le Gréigis i gColáiste na Tríonóide, agus ina Ollamh le Stair ag an am céanna, agus bhí cáil mhór ar an leabhar seo ar feadh i bhfad. Arna chur le chéile tá nach mór 1,000 leathanach ar fad san aistriúchán seo, agus is cló mion beag atá ann siar síos, maille pictiúr agus léaráidí. Tá an stíl ann go hálainn, go greanta, go fileata, go bláfar – ach is é is iontaí mar gheall air ná gur dhealbhaigh de Brún a stíl féin as ina chomhair, ar sampla gairid di é seo:

B'iad na sofaistí ba thábhachtaí dá bhfoilsíodh san am an ghluaiseacht intliúil; b'é a n-iomaire féin é. Ach níor laige ná iad a theanntaigh Eurípidés file le réim an réasúin. Bhain sé earraíocht as an stáitse traigéideach chun an réasúnachais a chraobhscaoileadh; b'ar an altóir féin a bhaineadh sé an bonn den chreideamh poiblí. Ní de lom teagaisc a dhéanadh sé a ghnó, mar ní logháilfí dhó é sin, ach níodh sé go sáraithe é. Murab ionann is filí na traigéide roimhe, níor ghabh sé leor le dán na ndaoine mar cheap na déithe é. Ní ghéillfeadh sé d'aon ní de chionn údaráis (Bury/de Brún 1954b: 401).

Is beag duine a scríobh stair, ná go deimhin critic liteartha, chomh healaíonta leis.

An té a dhéanfadh scrúdú ar a mhodhanna aistriúcháin, d'fhoghlaimedh sé go leor, mar atá sa dornán samplaí seo a roghnaigh mé nach mór go neamhthuirimeach as na himleabhair ar mo mhéarnáil dom:

'B'iad an dá ardchúrsa gur hadaíodh gach ní astu' ('the two events on which everything turned') (1954a: 81);

'Bhí a gcáil sin íseal ar ghualainn a máthar' ('overshadowed by the greatness of the mother city') (1954a: 103);

'Cé nár leis é de sheilbh dhílis' ('although it did not become him') (1954a: 109)

'Ach leabhraíodh branar nua dhóibh chun saibhris a ghnóthú' ('A new field for winning wealth was opened to them') (1954a: 117).

B'fhéidir gurb é a chruthaigh de Brún, agus Mac Tomáis roimhe sin, ná nach raibh aon deighilt ghlan idir 'caint na ndaoine' agus an rud a dtugaimid 'an léann' air; nó neachtar acu, go raibh caint na ndaoine léannta; nó go bhféadfadh pé focail a bhí ina luí thart feidhm a dhéanamh chun críche ar bith, ag brath ar conas a roghnófaí is a chóireofaí iad. Chruthaigh siad le gníomh a raibh á áitiú ag daoine eile le hargóintí.

An meascán seo a fheicimid idir ghnáthréim cainte agus ardréim cainte, castar orainn arís é sna haistriúcháin. Níl i gceist agam mórán in aon chor a rá mar gheall ar sháraistriúchán Sheáin Uí Chuirrín ar *Dracula* Bhraim Stoker – bheadh molta dá mbeadh na Déisigh uile ina dtost. Ach amháin seo: táimid eolach ar an nath cainte 'lost in translation'. Sampla é seo de 'gained in translation'. Pé buanna a bhí ag Stoker, agus bhí go leor, ní raibh bua stíle Béarla aige. Bhí chomh tiubh le Thackeray, an uair ba mheasa é (agus b'in go minic) agus chomh leamh le Jane Austen (agus b'in i gcónaí). Déanann Ó Cuirrín filíocht den leabhar; piocann sé nathanna óna dhúchas féin, agus ón mbéaloideas, agus ón tseanscéalaíocht, ach tá siad i gcónaí faoi réir ag an insint. Ní féidir é sin a rá, mar shampla, mar gheall ar leabhar eile a scríobh sé ar 'Ollscoil na Mumhan', (1935) mar a thugtaí gan íoróin ar an gColáiste Gaeilge sa Rinn, ina bhfuil an stíl ann tachtá ag an rud a dtugadh Máirtín Ó Cadhain 'Henebryachas' air (1969: 20). Creidim gur díoladh amach *Dracula* laistigh de thamall gairid; pé acu

ar dhúil thar meon sa vaimpíreachas i bPort Láirge faoi deara sin, nó go díreach gur leabhar den scoth é.

Tá a leithéid chéanna d'ardréim dhúchasaithe le fáil i leabhar eile is ansa liom, agus leabhar nach bhfuil neamhchosúil ina mhodh ceapadóireachta le modh oibre Phádraig de Brún. Is é leabhar é aistriúchán a rinne an tAthair Aindrias Ó Céileachair ar *Quo Vadis?* le Henryk Sienkiewicz i 1936. Luaim an ceann seo mar is amhlaidh arís gur píosa álainn scríbhneoireachta é, píosa a rinne an pósadh céanna sin idir an léann agus gnáthchaint na ndaoine, ach caint a raibh ealaín agus uaisleacht ann riamh. Is mó ná sin fós é. Scríbhneoir Polannach ba ea Sienkiewicz a scríobh faoi shaol na Róimhe áit a raibh Laidin á labhairt, cuireadh Béarla air, agus is é an tAthair Aindí – mar a thugtaí air – a chuir Gaeilge air sin. Is turas fada cultúir an méid sin ann féin.

Ba as Gaeltacht Mhúscraí don Athair Ó Céileachair, agus is suaithinseach é seo sa chéad dul amach, óir ba é an chéad sagart as an gceantar faoi leith sin é le glúnta anuas. Níor dhual do na bochta dul le sagartóireacht, ná go nglacfaí leo. Deirtear go raibh sé míchompordach agus neamhshocair sa Bhéarla agus é ar an gcliarscoil féin. Bhí claonadh i leith an léinn aige, agus chuir sé eagar ar dhán sa Ghaeilge chlasaiceach a foilsíodh in *Ériu* (Breathnach agus Ní Mhurchú 1992: 80-81). Bhí caint ar é a chur ar na misin, ach mar a tharlaíonn bhí eipeafáine aige, bóthar Damascus dá chuid féin. Samhradh amháin léigh sé leabhar Rudolf Thurneysen, *A Handbook of Old Irish*. Is é an t-aon sampla amháin é i stair an domhain ar fad de dhuine a bheith á bhaint de na misin de bharr leabhar Sean-Ghaeilge. Agus cúpla bliain ina dhiaidh sin, chuir sé eagar ar *Betha Colaim Chille* i dteannta le Gertrude Schoepperle (1918).

Is é fáth a gcuirim béim éigin leis an gcúlra léinn seo ná, fág gur daoine ardoilte ba ea formhór na ndaoine a bhí ag dul do na haistriúcháin, ní raibh léann an scoláire ach ar fhíorbheagán díobh. Chuaigh an léann seo aige i bhfeidhm ar an aistriúchán.

Go hachomair, iarradh air cur isteach ar scéim na n-aistriúchán i 1928. Roghnaigh sé *Quo Vadis?* de thoisic an téama Críostúil a bhain leis. Chuaigh sé i mbun oibre, agus go gairid dá éis chuir sé caibidil chucu.

Léigh an Seabhac é, agus dúirt, ‘Tá an t-aistriúchán seo ar fheabhas!’ (Comhad A0031). Iarradh air leanúint ar aghaidh ach – agus bíonn ‘ach’ go minic sna gnóthaí seo – fuarthas amach gur ag obair ó leagan ciorraithe a bhí sé, leagan 250 leathanach seachas an leabhar ar fad a raibh nach mór a dhá oiread ann. D’iarr Ó Céileachair orthu an mbeadh siad sásta leis an leagan gairid, agus dúirt siad gurbh fhearr gan sampla an Athar Peadar a leanúint nuair a d’aistrigh é *Don Quixote* (1922) tamall roimhe sin, ach roimh aimsir an Ghúim, gan amhras. B’ait leat go n-iarrfaí ar Chorcaíoch gan an tAthair Peadar a leanúint ag an am sin, ach is dócha go rabhtas ag cuimhneamh ar an tslí ar dhein an tAthair Peadar ‘cailíní aimsire’ de striapacha Cervantes; agus an radharc is ansa liom, nuair atá duine de na cailíní sin ag iarraidh an oíche a chaitheamh le taistealaí sa teach ósta, is amhlaidh go ndeir an tAthair Peadar go raibh sí ag teacht chuige chun deoch fíona a thabhairt dó! Ní shílím gur shiombail ar fad ba ea é sin.

Dhein an tAthair Ó Céileachair an obair, lán 700 leathanach siar de, agus foilsíodh sa bhliain 1936 é tar éis dó cúig bliana a chaitheamh air. Ar nós Phádraig de Brún agus a chuid oícheanta bothántaíochta le hiascairí agus le scológa Dhún Chaoin, thrialladh an tAthair Ó Céileachair ar dhuine de scéalaithe móra na Gaeilge, Amhlaoibh Ó Loingsigh. Thrialladh sé ar dhaoine eile, leis, ach ba é Amhlaoibh an máistir.

Deir Donncha Ó Cróinín sa trácht dó ar chumas Amhlaoibh gur bhain sé leas as nathanna cainte agus as ciútaí stíle nach gcloistí a thuilleadh, go leor acu ón traidisiún béil léannta (1980: xv). D’fhocal gearra, ba chainteoir coimeádach é Amhlaoibh, agus dá réir sin tagaimid ar shamplaí den tuiséal ginideach dúbailte faoina anáil, ní foláir – ‘D’fhonn tuairisce an leinbh do chur’, ‘Fé dhéin cúirte an Impire’, nó leaganacha a bhfuil an tuiséal ginideach imithe as anois seachas go fánach, ar nós ‘chun a mhíthreoire féin’, ‘toiltheanach chun báis a fháil’.

Nó go deimhin farais sin, urú ar an aidiacht sa ghinideach iolra: ‘i dteannta na n-aislingí mbreátha’, ‘ag íobairt colún mban’, ‘ar ardú a shúl ndonn’, ‘i measc na gcúlraideann ngránna’, ‘ag caitheamh brat n-ioldathach’. Ní bhraithim go mbeadh fáilte roimh aon leagan díobh seo in aon cheann de na trí chaighdeán atá againn faoi láthair, cé go gceapaim féin go bhfuil siad go hálainn.

Fairis seo ar fad, caitheann sé isteach i measc na gcós againn foirmeacha a bhíodh sna scéalta clasaiceacha ('ciodh trácht', 'iomthúsa', 'ar cheana', 'gidh ea'), agus glacaim leis gur rogha chomhfhiosach ba ea é seo chun uaisleacht agus sibhialtacht na sean-Róimhe a léiriú, in ainneoin gur dream barbartha gránna fuilchraosach uilescriosach ba ea na Rómhánaigh chéanna.

Seo é fíorthús an leabhair ar fad:

Do bhí sé ag déanamh amach ar mheán-lae nuair dhúisigh Petronius. Mar ba ghnáth leis, do bhí sé an-chortha, óir bhí sé i láthair fleidhe an tráthnóna roimhe sin i bpálás Néro. Ar aon tslighe, ní raibh a shláinte ar foghnámh le tamall maith, agus níorbh uraiste dho múscailt ar maidin. Gidheadh, tar éis a choirp d'fholcadh agus tar éis na lámhchuilte do gheibheadh sé ó n-a mhoghthaibh gach maidean, do bhíodh a chuid fola 'na tain-rith trína chuiseannaibh, agus do bhíodh sé ar fheabhas arís (Sienkiewicz/Ó Céileachair 1936: 1).

Is maith is fiú é a léamh, agus go mall. Smaoinítear gur bhuaigh Sienkiewicz an duais Nobel don litríocht – agus in ainneoin feabhas agus ardchaighdeán na n-údar a tiontaíodh faoin scéim seo, an bhfuil aon duine eile díobh ar tugadh gradam dhuais Nobel dó nó di?

Gaisce eile aistriúcháin is ea *Beatha Theobald Wolfe Tone* a d'aistrigh an Seabhadh é féin, agus a foilsíodh sa bhliain 1937. Arís, is leabhar tomadach trom mór é a bhfuil breis agus 700 leathanach ann. Cuirim treise le toirt toisc go bhfuil toirt tábhachtach, mar is an-léiriú é ar an dua a chaith na húdair lena saothair, agus de bhreis air sin, mar a thugann luach na léitheoireachta don léitheoir féin seachas an *penny wafer* de leabhar lena maslaítear é go minic.

Is é atá sa leabhar dialanna agus scríbhinní de chuid Wolfe Tone, bunaithe ar an eagar a chuir a mhac orthu sa bhliain 1826.

Murab ionann agus 99.9999% de pholaiteoirí, ba scríbhneoir é Wolfe Tone. Tuigim go bhfuil úrscéal scríofa ag Alan Shatter, agus sílim ag Máire Geoghegan-Quinn, agus bíonn ficsean le fáil go fairsing ag teacht as Dáil Éireann, ach scaoilimis tharainn an méid sin. Tá stair, agus polaitíocht,

agus ragairne, agus cóisirí, agus saol na sráide, agus fealsúnacht, agus bladar, agus truamhéala, agus fearg, agus sonas le fáil siar síos tríd, gach rud a gheofá sa litríocht is fearr. Tá seo curtha i nGaeilge go máistriúil ag an Seabhac, agus samhlaíonn tú gur saothar muirne, saothar a raibh sé go hiomlán mórálach as atá ann.

B'fhéidir gurb é an sliocht is cáiliúla de scríbhinní uile Tone an píosa sin nuair a mholann sé go gcuirfí ainm coiteann an Éireannaigh in ionad na mbuíonta creidimh éagsúla a bhí sa tír. Rith sé liom gur mhaith le daoine an leagan Gaeilge a léamh:

Tíorántacht an rialtais mhallaithe atá againn a leagadh ar lár, an ceangal le Sasana, atá ina shíorthrúig do gach olc polaitíochta dá bhfuil againn, a réabadh, agus sairse mo tíre d'fhógairt – b'in iad mo chuspóirí. Comhaontú muintire uile na hÉireann, gach seanmhoscais a bhíodh eatarthu a chur i ndearmad agus an ainm Éireannach a chur in ionad an ainmniúchais Protastúnach, Caitliceach, agus Dí-aontach – b'in iad mo ghléas chun oibre. Chun na trí cuspóirí móra sin a thabhairt i gcrích bhreithníos na trí mórdhreama creidimh (Wolfe Tone/Ó Siochfhradha 1937: 46).

Tá seo go maith ar eolas. Níl chomh maith sin ar eolas a leanann ina dhiaidh. Ní raibh aon dóchas fire ag Tone go dtarlódh seo!

Ní raibh dóchas ar bith as na Protastúnaigh agam ó thosach, ní nach ionadh. Do bhí greim acu, trí uathsheilbh ainchirt, ar chumhacht agus codhnachas na tíre uile, agus ba dheacair a cheapadh, d'ainneoin na tairbhe thiocthadh as don tír, go ngabhfaidís choíche le hathruithe gurbh é toradh dearfa a d'fhásfadh astu ná laghdú a réime féin mar dhream ar leith. Níor ghá dom aon dua a chur orm féin i dtaobh na gCaitliceach mar, pé athrú a thiocthadh ní fhéadfadh a gcor polaitíochta san a bheith níos measa, agus d'áiríos go mbeadh a gcabhair sin deimhniktheach Ní raibh ansan ach na Dí-aontaigh, dream gurbh eol dom a dtírghrá agus a ndea-eolas. Do léirigh nithe a thit amach go gairid roimhe sin dom, ámh, ná raibh an chlaonaigine a bhí ina measc ruaigthe ar fad fós astu (Wolfe Tone/Ó Siochfhradha 1937: 46).

Dúirt Máirtín Ó Cadhain maidir le saothar áirithe dá chuid go raibh dóchas aige go mbainfí leabhar seachas leabhar a scríobh sé anuas den

tseilf fad is a bhí Gaeilge in Éirinn á labhairt, agus is fiú é seo a thagairt do leabhar Wolfe Tone, agus go leor eile atá luaite agam.

An deacracht seo a bhí ag an nGúm gach trá a fhreastal, níor dheacair í a réiteach. Dá rachfá siar go dtí an naoú haois déag, colas ar bith ní raibh ag an aos liteartha féin, ní áirím an gnáthphobal, ar an gcuid is fearr de litríocht na Gaeilge. Lasmuigh den Ghaeltacht, agus de fhíor-chorrhóilseachán ar nós *The Poets and Poetry of Munster* (1860), bhí daille agus aineolas mór go forleathan maidir le litríocht na Gaeilge de.

Is fíor gur dhein Cumann na Sgríbhneann nGaedhilge/The Irish Texts Society agus cúpla dream eile gaisce thar meon. Chuir Pádraig Ó Duinnín go háirithe cuid mhór de litríocht na Mumhan ar fáil laistigh de chúpla bliain. Smaoinítear air – den chéad uair, cuid d'fhilí móra na hÉireann ar fáil faoi chlúdach leabhar, rud nár tharla riamh cheana: Eoghan Rua Ó Súilleabháin, Aogán Ó Rathaille, Séafradh Ó Donnchadha a' Ghleanna (ar file níos fearr agus níos oilte ná mar a cheaptar de ghnáth é). Deirim 'filí na Mumhan' bíodh gur filí Éireann, leis, iad, mar ní raibh eagarthóireacht fhilí Uladh tagtha i dtreis i gceart faoin am san.

I measc lucht páirte an Ghúim is minic a dhéantar dearmad ar Risteard Ó Foghludha, Fiachra Éilgeach, duine de na gaiscigh chiúine sin a dhein obair thar áireamh ar son an léinn agus na héigse (arb ionann iad, an té a thuigfeadh i gceart iad).

Is ar éigean atá áireamh againn ar na cnuasaigh a chuir sé de – filí táscacha cuid acu, Donncha Rua Mac Conmara agus Tadhg Gaelach Ó Súilleabháin agus Seán Clárach Mac Dónaill agus Piaras Mac Gearailt agus a leithéidí sin – agus cé go bhfuil dánta cuid acusan curtha in eagar arís ó shin, tá aige le maíomh gurbh é a chuir ar an stáitse an chéad lá iad.

Chuir sé eagar ar shaothair dhaoine eile fós nach bhfuil an cháil chéanna orthu: Éamonn de Bhál, Eoghan an Mhéirín Mac Cárthaigh, Liam Inglis (a raibh cónaí air i gcathair Chorcaí – bhí séipéal Inglis mar shagart gar go maith don mhargadh a dtugann siad Margadh na Sasanach air inniu ar chúis éigin nach dtuigim, mar ba é Margadh an Bhéarla le fírinne é, mar mhalairt ar Mhargadh na nGael ar Ché an Ghuail), agus Pádraig Denn,

agus an tAthair Conchúr Ó Briain, agus b'fhéidir an duine is suimiúla díobh ar fad, Pádraig Phiarais Cúndún as a cheantar féin, a bheag nó a mhór, in oirthear Chorcaí, a chuaigh ar imirce go dtí na Stáit Aontaithe. Is de shuimiúlacht gur chuir an Cúndúnach litreacha abhaile ag triall ar Éirinn mar gheall ar a shaol thall, agus ar shampla fánach iad de litreacha pearsanta dhuine ar bith sa Ghaeilge i dtréimhse sin an naoú haois déag. Is lánait, áfach, agus is trua go léir nach dtugann sé nod nó leid dúinn cad as ar tháinig na litreacha, nó cá bhfuil fáil orthu anois.

A leithéid seo mar sholaoid ar éirí in airde na nGael sa bhaile, dar leis, suas is anuas leis an gcothroime a chleachtar san Oileán Úr, mar a thugtar air. Litir a scríobh sé abhaile ó Utica chun cara leis sa bhliain 1852:

Féach, do bhí comharsa dhom ar an dtaobh thall de mhacha agam ar an Seanachóill. Do chínn an fear san lá n-aon do bheadh scadán mar nuacht aige le poimp taibhse mustard is annlann: ní íosfadh sé an scadán ar aonchlár le buachaill is cailín do bhíodh aige; níorbh fholáir dó é d'fháil sa chúltséomra, dar leis an buachaill is an cailín a bheith rótháir chun é féin do shuí ar aon chlár leo, agus gan insan bhfear céanna féin ach báltaire bórach bacach, gan eolas na muice aige... Ní íosfadh an slabghliomach úd an scadán ar aonchlár leis an mbuachaill is leis an gcailín agus iad ní b'fhéarr de chuideachtain is de shíolrach ná é féin (Cúndún 1932: 96).

Foinse luachmhar de ghuth na nGael i Meiriceá is ea na litreacha seo. Ní móide gur chum sé iad, ach cá bhfuil siad uainn le fáil?

Ráinig dom a bheith i mo shuí i dteach tábhairne in Albain le scoláire agus le criticeoir eile Gaeilge tamall de bhlianta ó shin, is ar scáth gan aon ní eile fiúntach a bheith le déanamh againn chromamar ar chomórtas samhalta a chur ar bun, féachaint cérbh é an file ba mheasa sa Nua-Ghaeilge. Filí comhaimseartha a bhí i gceist againn, agus mar a thuigfeá bhí an comórtas thar a bheith géar. Tháingamar ar thoradh sa deireadh, ach is daingne go mór ná tríú rún Fatima é, agus scaoileadh é sin amach ar deireadh.

Dá éagmais sin, is minic a rith sé liom, de na filí sin go léir a chuir an Gúm amach, lucht Fhiachra Éilgigh agus gach duine eile san áireamh, cé a bhainfeadh an chraobh don té ba mheasa ar fad díobh? Níorbh fhile

